Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11324/25**

**ECOFIN 961**
**UEM 392**
**SOC 504**
**EMPL 355**
***ECB***
***EIB***

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Iúil 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10338/25 |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le grinn-athbhreithnithe 2025 faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha<br>− Conclúidí ón gComhairle (an 8 Iúil 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le grinn-athbhreithnithe 2025 faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, arna bhformheas ag an gComhairle ag an 4110ú cruinniú a bhí aici an 8 Iúil 2025.

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE GRINN-ATHBHREITHNITHE 2025 FAOIN NÓS IMEACHTA UM MÍCHOTHROMAÍOCHTAÍ MAICREACNAMAÍOCHA**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tháinig feabhas measartha ar chúrsaí eacnamaíochta i roinnt Ballstát in 2024, rud a chuidigh le cuid de na leochaileachtaí seanbhunaithe is cúis le míchothromaíochtaí a mhaolú. LEAGANN SÍ BÉIM ar an laghdú breise atá tagtha ar an mboilsciú agus ar an mbrú costais. ADMHAÍONN sí go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an éiginnteacht, nuair atá athrú ag teacht ar an timpeallacht gheopholaitiúil agus trádála, rud a chuireann leis na rioscaí a bhaineann le míchothromaíochtaí.

2. MEASANN SÍ gurb é a bhí sna grinn-athbhreithnithe a rinneadh in 2025 anailís chuimsitheach ardchaighdeáin ar an staid i ngach Ballstát a bhí faoi athbhreithniú. IS DÍOL SÁSAIMH di gur fhoilsigh an Coimisiún na tuarascálacha grinn-athbhreithnithe faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha go luath in 2025. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé faireachán leanúnach a dhéanamh ar na míchothromaíochtaí faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

3. LEAGANN SÍ BÉIM AR an ról ríthábhachtach atá ag anailís chuimsitheach maidir le faireachán a dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí atá ann cheana agus leochaileachtaí maicreacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint. TUGANN SÍ DA hAIRE, ar an iomlán, gur bhain an Coimisiún úsáid as uirlisí ábhartha anailíseacha, arna gcomhlánú le hanailís shubstainteach cháilíochtúil, i bhfianaise na ndúshlán sonrach a ghabhann le gach Ballstát. IS DÍOL SÁSAIMH DI úsáid na hanailíse réamhbhreathnaithí agus an measúnú ar bheartais ábhartha, agus tromchúis agus forbairt na míchothromaíochtaí á gcur san áireamh freisin. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá táscairí stoic agus sreafa sa mheasúnú, ról na mbeart beartais, chomh maith le gné an Aontais agus an limistéir euro den nós imeachta. LEAGANN SÍ BÉIM AR a ábhartha atá an measúnú ar éifeachtaí seach-iarmharta na mbeartas eacnamaíoch náisiúnta i gcónaí. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé cóir chomhionann a áirithiú bunaithe ar mheasúnú oibiachtúil ar shonraí agus ar bheartais a chuirtear chun feidhme.

4. AITHNÍONN SÍ go bhfuil laghdú breise tagtha ar dhifreálaigh bhoilscithe, cé go bhfuil na héagsúlachtaí boilscithe carntha, atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas, suntasach. TUGANN SÍ DA hAIRE gur tháinig moill ar fhás an chostais saothair in aghaidh an aonaid táirgthe in 2024, ach go raibh sé fós suntasach i roinnt cásanna, i gcomhthéacs margaí saothair dochta agus fás táirgiúlachta íseal. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go meastar go dtiocfaidh tuilleadh laghdaithe ar bhrúnna praghsanna agus costas sa ghearrthéarma, ach gur dócha go leanfaidh éagsúlachtaí de bheith ann.

5. LEAGANN SÍ BÉIM AR an gcaoi go bhfuil easnaimh agus barrachais sa chuntas reatha fós mór i roinnt Ballstát, rud a léiríonn go minic dinimic an éilimh intíre. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi gurb iad na heasnaimh mhóra rialtais a fheictear i roinnt Ballstát is cúis le sciar suntasach de riachtanais iasachtaíochta seachtraí an gheilleagair. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtuartar go mbeidh na hathruithe ar iarmhéideanna na gcuntas reatha teoranta, i gcás easnamh agus barrachas araon. Tá an éiginnteacht ard agus déanann sí difear go háirithe do na Ballstáit atá an-chomhtháite sa trádáil, lena n-áirítear slabhraí luacha domhanda, agus dóibh siúd a bhfuil mór-riachtanais maoinithe sheachtraigh acu. AITHNÍONN SÍ gur tháinig feabhas ar chás na mBallstát sin ar diúltaí na suíomhanna glaninfheistíochta idirnáisiúnta a bhí acu, agus fás eacnamaíoch ainmniúil mar thaca leo. Mar sin féin, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an tionchar deireanach sin de réir mar a thagann laghdú breise ar an mboilsciú.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur éirigh praghsanna tithe níos dinimiciúla le linn 2024 mar gheall ar ioncaim a bheith ag ardú agus coinníollacha maoiniúcháin a bheith ag maolú, tar éis 2 bhliain d'fhás maolaithe nó diúltach. Mar sin féin, i roinnt Ballstát, tá praghsanna tithe faoi bhun na mbuaicleibhéal a bhí ann roimhe seo. AITHNÍONN SÍ go meastar, i roinnt mhaith Ballstát, go leanfaidh praghsanna tithe de bheith ag méadú de bharr éifeachtaí struchtúracha seanbhunaithe, lena n-áirítear scrogaill ar sholáthar tithíochta, beartais chánachais agus margaí cíosa neamhéifeachtúla.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb é a tharla in 2024 i roinnt Ballstát gur shroich fiachas teaghlaigh agus corparáideach mar sciar de OTI na leibhéil is ísle le roinnt mhaith blianta. AITHNÍONN SÍ go meastar go dtiocfaidh méadú arís ar iasachtaíocht na hearnála príobháidí agus coinníollacha maoinithe níos éasca ann. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil éagsúlacht mhór idir leibhéil agus forbairtí fiachais rialtais ar fud Bhallstáit an Aontais, ós rud é gur lean cóimheasa fiachais de bheith ag laghdú i roinnt Ballstát, agus go bhfuil méadú tagtha orthu le déanaí i roinnt Ballstát eile. AITHNÍONN SÍ gur stad an cóimheas fiachais rialtais don Aontas ina iomláine de bheith ag laghdú in 2024, go bhfuil sé fós os cionn an leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim in 2019, agus go meastar go dtiocfaidh méadú beag air sna blianta amach romhainn. I bhfianaise beartais gan athrú, tá éagsúlacht freisin sa mhéid atá á dtuar maidir lena dtarlóidh ar fud Bhallstáit an Aontais. Meastar go dtiocfaidh laghdú nó cobhsú ar chóimheasa fiachais sa mheántéarma mar thoradh ar chur chun feidhme na bpleananna struchtúracha fioscacha.

8. LEAGANN SÍ BÉIM ar an neartú breise atá déanta ag earnáil na baincéireachta, agus go bhfuil cóimheasa caipitil agus brabúsacht fós ard. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tháinig laghdú breise ar iasachtaí neamhthuillmheacha nó gur chobhsaigh siad, sna Ballstáit sin ina mbídís níos suntasaí. Is é is cúis leis sin go príomha margadh tánaisteach éifeachtúil a bheith cruthaithe d'iasachtaí neamhthuillmheacha atá i seilbh seirbhíseoirí móra lasmuigh de na hearnálacha baincéireachta a oibríonn ar bhonn trasteorann de ghnáth agus atá lonnaithe den chuid is mó i roinnt Ballstát. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gá le forairdeall leanúnach chun cobhsaíocht macrairgeadais leanúnach a áirithiú.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach bhfuil míchothromaíochtaí ann a thuilleadh sa Chipir ná sa Ghearmáin i gcomhthéacs an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil laghdú ag teacht ar leochaileachtaí sa Chipir a bhaineann le fiachas seachtrach, príobháideach agus rialtais, mar gheall ar fhás láidir eacnamaíoch freisin, agus go bhfuil an t-easnamh sa chuntas reatha fós suntasach, agus go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le bearta a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na leochaileachtaí. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tháinig laghdú thar na blianta ar leochaileachtaí sa Ghearmáin a bhaineann leis an bhfarasbarr mór sa chuntas reatha, a raibh ábharthacht trasteorann ag baint leis, agus nach mór leanúint de na hiarrachtaí beartais i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí suntasacha beartais a fógraíodh.

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach meastar go bhfuil míchothromaíochtaí ann i gcás na hEastóine. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil leochaileachtaí a bhaineann le hiomaíochas praghsanna agus costais ag dul in olcas san Eastóin le blianta beaga anuas le linn cúlú eacnamaíoch fada, agus go bhfuil méadú suntasach tagtha ar phraghsanna tithe, ach is cosúil go bhfuil leochaileachtaí faoi smacht faoi láthair ar an mórgóir.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil míchothromaíochtaí ann fós sa Ghréig, san Iodáil, san Ungáir, san Ísiltír, sa tSlóvaic agus sa tSualainn.

12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha fós sa Rómáin. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil méadú tagtha ar leochaileachtaí, de réir mar a mhéadaigh an t-easnamh fioscach agus an t-easnamh sa chuntas reatha, agus go bhfuil meath tagtha ar iomaíochas costais sa Rómáin. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le hathchóirithe struchtúracha, agus go háirithe na hathchóirithe sin atá leabaithe i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine agus sa phlean fioscach-struchtúrtha meántéarmach, chun an t-iomaíochas agus an fheidhmíocht onnmhairiúcháin a neartú agus chun cistiú breise ón Aontas a mhealladh.

13. IARRANN SÍ go ndéanfaí an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chur i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áirítear gníomhachtú an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha, i gcás inarb iomchuí. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go leanfar de ghníomhaíocht mhear bheartais chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, go háirithe na míchothromaíochtaí sin a áirítear sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, sna pleananna fioscacha-struchtúrtha meántéarmacha, agus sna moltaí tírshonracha comhfhreagracha faoin Seimeastar Eorpach.